2024/1255

6.5.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/1255 ÓN gCOIMISIÚN

an 3 Bealtaine 2024

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1998 a mhéid a bhaineann le bearta mionsonraithe áirithe i ndáil le cur chun feidhme na mbunchaighdeán comhchoiteann maidir le slándáil na heitlíochta

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 300/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2008 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse slándála na heitlíochta sibhialta agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2320/2002 ([1]), agus go háirithe Airteagal 4(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is léir i bhfianaise na taithí a fuarthas trí chur chun feidhme Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1998 ón gCoimisiún ([2]) go bhfuil gá le mionleasuithe ar bhearta cur chun feidhme bunchaighdeán comhchoiteann áirithe maidir le slándáil na heitlíochta.

(2) Aerlasta agus aerphost ar cuireadh na rialuithe slándála is gá i bhfeidhm ina dtaobh, a n-iompar siúd de mhuir agus de thír idir áitribh gníomhairí rialáilte, coinsíneoirí aitheanta agus aeriompróirí, is minic a dhéanann na heintitis sin an t-iompar céanna a sheachfhoinsiú chuig tarlóirí seachtracha a oibríonn thar a gceann. Tá coinníollacha agus rialacha áirithe lena gceadaítear tarlóirí a úsáid, chomh maith le hoibleagáidí áirithe le haghaidh tarlóirí den sórt sin, leagtha amach cheana san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1998.

(3) Tá gá le tuilleadh soiléireachta maidir le hinfheictheacht, le cuntasacht, agus le formhaoirseacht ag na húdaráis iomchuí ar tharlóirí agus na hoibríochtaí a dhéanann siad chun sláine shlabhra soláthair slán an aerlasta agus an aerphoist san Aontas a chosaint. Chun na críche sin, ba cheart ceanglais maidir le formheas agus formhaoirseacht a dhéanamh ar tharlóirí a thabhairt isteach san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1998.

(4) Leis na ceanglais le haghaidh tarlóirí formheasta, níor cheart ualach riaracháin agus oibríochtúil nach bhfuil gá leis a fhorchur ar eintitis ná ar údaráis iomchuí. Leis na forálacha lena leagtar amach na ceanglais sin, ba cheart taithí na mBallstát a bhfuil scéim formheasa agus formhaoirseachta bunaithe acu maidir le tarlóirí atá ag oibriú ar an leibhéal náisiúnta a chur san áireamh freisin.

(5) Chun go bhféadfar córas na dtarlóirí formheasta san Aontas a thabhairt isteach de réir a chéile, ba cheart na ceanglais reatha a bhfuil tarlóirí faoina réir a bheith i bhfeidhm go dtí an 31 Nollaig 2026. D'éascódh sé sin an t-ullmhúchán do chur chun feidhme éigeantach chóras na dtarlóirí formheasta ag údaráis iomchuí agus ag na heintitis ábhartha atá faoina réir.

(6) Liostaítear i gceangaltáin 3-B, 4-B, 5-A agus 6-F a ghabhann leis an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1998 na tríú tíortha a aithnítear mar thíortha a chuireann caighdeáin slándála i bhfeidhm atá coibhéiseach leis na bunchaighdeáin chomhchoiteanna maidir le slándáil eitlíochta.

([1]) IO L 97, 9.4.2008, lch. 72, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2008/300/oj

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1998 ón gCoimisiún an 5 Samhain 2015 lena leagtar síos bearta mionsonraithe i ndáil le cur chun feidhme na mbunchaighdeán comhchoiteann maidir le slándáil na heitlíochta (IO L 299, 14.11.2015, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2015/1998/oj).

(7) D'fhíoraigh an Coimisiún go gcomhlíonann aerfort Svalbard (limistéar neamhchorpraithe Ríocht na hIorua) na critéir a leagtar amach i gCuid E den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 272/2009 ([3]) maidir leis an scagadh ar phaisinéirí agus ar bhagáiste cábáin, leis an scagadh ar bhagáiste boilg, lasta agus post agus le slándáil na n-aerárthaí.

(8) Dá bhrí sin, is gá Aerfort Svalbard a chur leis na liostaí i gCeangaltáin 3-B, 4-B, 5-A agus 6-F a ghabhann leis an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1998.

(9) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/566 ([4]) tugadh isteach an ceanglas maidir le trealamh braite rianta pléascán (ETD) a imscaradh ón 1 Meán Fómhair 2014 a bheith in ann ceimiceáin a bhrath freisin ón 1 Iúil 2024. Léiríonn taithí ar chur chun feidhme leanúnach na réamhbheart gur gá dáta an 1 Iúil 2024 a chur siar 15 mhí, chun a áirithiú go gcomhlíonfar an ceanglas sin agus chun go bhféadfaidh gach úsáideoir uasghrádú réidh a dhéanamh ar an trealamh a imscaradh, gan riosca míchuí a chruthú do shlándáil na heitlíochta.

(10) Thairis sin, ba cheart bearta slándála eitlíochta mionsonraithe áirithe a shoiléiriú, a chomhchuibhiú nó a shimpliú chun an tsoiléireacht dhlíthiúil a fheabhsú, chun léirmhíniú comhchoiteann na bhforálacha ábhartha a chaighdeánú agus chun feabhas chur chun feidhme na mbunchaighdeán comhchoiteann maidir le slándáil na heitlíochta a áirithiú a thuilleadh.

(11) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1998 a leasú dá réir.

(12) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste arna bhunú le hAirteagal 19 de Rialachán (CE) Uimh. 300/2008,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1998 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 3 Bealtaine 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([3]) Rialachán (CE) Uimh. 272/2009 ón gCoimisiún an 2 Aibreán 2009 lena bhforlíontar na bunchaighdeáin chomhchoiteanna maidir le slándáil na heitlíochta sibhialta a leagtar síos san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 300/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 91, 3.4.2009, lch. 7, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/272/oj).

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/566 ón gCoimisiún an 10 Márta 2023 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1998 a mhéid a bhaineann le bearta mionsonraithe áirithe i ndáil le cur chun feidhme na mbunchaighdeán comhchoiteann maidir le slándáil na heitlíochta (IO L 74, 13.3.2023, lch. 47, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/566/oj).

IARSCRÍBHINN

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1998 mar a leanas:

(1) sa liosta i gCeangaltán 3-B, cuirtear an iontráil seo a leanas isteach tar éis na hiontrála le haghaidh Gheirsí:

'**Ríocht na hIorua, maidir le hAerfort Svalbard**';

(2) sa liosta i gCeangaltán 4-B, cuirtear an iontráil seo a leanas isteach tar éis na hiontrála le haghaidh Gheirsí:

'**Ríocht na hIorua, maidir le hAerfort Svalbard**';

(3) sa liosta i gCeangaltán 5-A, cuirtear an iontráil seo a leanas isteach tar éis na hiontrála le haghaidh Gheirsí:

'**Ríocht na hIorua, maidir le hAerfort Svalbard**';

(4) cuirtear isteach na pointí 6.0.5 agus 6.0.6 seo a leanas:

'6.0.5. Chun críocha na hIarscríbhinne seo, ciallaíonn 'tarlóir formheasta' eintiteas a áirithíonn, thar ceann gníomhaire rialáilte nó coinsíneoir aitheanta, iompar de mhuir agus de thír agus cosaint coinsíneachtaí aerlasta agus aerphoist ar cuireadh rialuithe slándála i bhfeidhm orthu roimhe sin agus a gcomhlíonann a nósanna imeachta rialacha agus caighdeáin choiteanna slándála atá leordhóthanach chun sláine na gcoinsíneachtaí a chosaint.

6.0.6. Chun críocha na hIarscríbhinne seo, ciallaíonn 'stóráil theoranta' an t-am fíor-riachtanach foriomlán chun go ndéanfaidh tarlóir formheasta trasloingsiú lasta agus poist ó mhodh iompair amháin go dtí an modh a úsáidtear don chuid ina dhiaidh sin d'iompar an lastais sin de mhuir agus de thír.

Chun críocha an tsainmhínithe sa chéad mhír, maidir leis an 'am fíor-riachtanach':

(a) áirítear ann an t-am is gá chun na hoibríochtaí láimhseála gaolmhara a dhéanamh agus na foirmiúlachtaí riaracháin a chur i gcrích;

(b) i gcás inar gá sin ó thaobh na lóistíochta de, áirítear ann stóráil ghairid na coinsíneachta idir an dá mhodh iompair lena linn a gcoinnítear an choinsíneacht faoi chosaint ar chur isteach neamhúdaraithe i gcomhréir le pointí 6.5.2, 6.6.1 agus 6.6.2;

(c) ní áirítear ann aon oibríocht stórála seachas na hoibríochtaí dá dtagraítear i bpointe (b), mura rud é go bhfuil an tarlóir formheasta mar ghníomhaire rialáilte freisin.";

(5) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 6.1.4:

'6.1.4. Ní fhéadfar rochtain ar limistéir shrianta slándála lasta agus poist a thabhairt ach amháin tar éis a dheimhniú cén ceann de na catagóirí seo a leanas a mbaineann an t-eintiteas a iompraíonn an choinsíneacht ó thaobh na talún léi:

(a) gníomhaire rialáilte;

(b) coinsíneoir aitheanta;

(c) tarlóir a ceapadh i gcomhréir le pointe 6.6.1.1(c), agus a iompraíonn coinsíneachtaí ar cuireadh rialuithe slándála i bhfeidhm orthu roimhe sin;

(d) tarlóir formheasta;

(e) ceann ar bith de na heintitis dá dtagraítear i bpointí (a) go (d).

Beidh feidhm ag pointe (c) go dtí an 31 Nollaig 2026.';

(6) i bpointe 6.3.1.1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an cheathrú mír, pointe (d):

'(d) coinsíneachtaí a chosaint agus a iompar chuig tarlóir a chomhlíonann ceanglais phointí 6.5 agus 6.6, de réir mar is infheidhme.';

(7) cuirtear pointe 6.3.1.9 isteach:

‘6.3.1.9. Arna iarraidh sin don údarás iomchuí, soláthróidh an gníomhaire rialáilte fianaise dhoiciméadach ar na comhaontuithe atá ann cheana atá i bhfeidhm le haon tarlóir formheasta a sholáthraíonn iompar thar a cheann. Má éilíonn an t-údarás iomchuí a dhéanann formheas é, coinneoidh an gníomhaire rialáilte liosta freisin ar a mbeidh, le haghaidh gach tarlóra formheasta lena bhfuil comhaontú iompair déanta aige, ar a laghad, an t-aitheantóir alfa-uimhriúil uathúil, dáta tosaigh bailíochta an chomhaontaithe agus, más infheidhme, a dháta éaga.

Beidh an liosta ar fáil don údarás iomchuí lena iniúchadh.’;

(8) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 6.3.2.9:

‘6.3.2.9. Áiritheoidh gníomhaire rialáilte go n-earcófar an fhoireann ar fad i gcomhréir le ceanglais Chaibidil 11 agus go gcuirfear oiliúint iomchuí orthu i gcomhréir leis na sonraíochtaí poist ábhartha. Chun críocha na hoiliúna, measfar gur ball foirne a chuireann rialuithe slándála chun feidhme é aon bhall foirne a bhfuil rochtain gan mhaoirseacht aige ar aerlasta inaitheanta nó ar aerphost inaitheanta ar cuireadh na rialuithe slándála is gá i bhfeidhm ina dtaobh. Maidir le tiománaithe nach bhfuil aon rochtain acu nó a bhfuil rochtain faoi mhaoirseacht acu ar aerlasta inaitheanta nó ar aerphost inaitheanta ar cuireadh na rialuithe slándála is gá i bhfeidhm ina dtaobh, gheobhaidh siad oiliúint feasachta slándála ar a laghad i gcomhréir le pointe 11.2.7.’;

(9) cuirtear an pointe 6.3.2.10 seo a leanas isteach:

‘6.3.2.10. Beidh na rialuithe slándála atá le cur i bhfeidhm ag gníomhaire rialáilte faoi réir na bhforálacha breise a leagtar síos i gCinneadh Cur Chun Feidhme C(2015) 8005 ón gCoimisiún freisin.’;

(10) cuirtear an pointe 6.4.1.8 seo a leanas isteach:

‘6.4.1.8. Arna iarraidh sin don údarás iomchuí, soláthróidh an coinsíneoir aitheanta fianaise dhoiciméadach ar na comhaontuithe atá ann cheana atá i bhfeidhm le haon tarlóir formheasta a chuireann iompar ar fáil thar a cheann. Má éilíonn an t-údarás iomchuí a dhéanann formheas é, coinneoidh an coinsíneoir aitheanta liosta freisin ar a mbeidh, le haghaidh gach tarlóra formheasta lena bhfuil comhaontú iompair déanta aige, ar a laghad, an t-aitheantóir alfa-uimhriúil uathúil, dáta tosaigh bailíochta an chomhaontaithe agus, más infheidhme, a dháta éaga.

Beidh an liosta ar fáil don údarás iomchuí lena iniúchadh.’;

(11) i bpointe 6.4.2.1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

‘(b) maidir le gach ball foirne a chuireann rialuithe slándála chun feidhme agus gach ball foirne a bhfuil rochtain gan mhaoirseacht aige ar aerlasta inaitheanta nó ar aerphost inaitheanta ar cuireadh na rialuithe slándála is gá i bhfeidhm ina dtaobh, earcaítear é i gcomhréir le ceanglais Chaibidil 11 agus cuirtear oiliúint slándála air i gcomhréir le pointe 11.2.3.9. Maidir le tiománaithe nach bhfuil aon rochtain acu nó a bhfuil rochtain faoi mhaoirseacht acu ar aerlasta inaitheanta nó ar aerphost inaitheanta ar cuireadh na rialuithe slándála a bhfuil gá leo i bhfeidhm ina dtaobh, gheobhaidh siad oiliúint feasachta slándála ar a laghad i gcomhréir le pointe 11.2.7; agus’;

(12) cuirtear an pointe 6.4.2.3 seo a leanas isteach:

‘6.4.2.3. Beidh na rialuithe slándála atá le cur i bhfeidhm ag coinsíneoir aitheanta faoi réir na bhforálacha breise a leagtar síos i gCinneadh Cur Chun Feidhme C(2015) 8005 ón gCoimisiún freisin.’;

(13) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 6.5:

‘6.5 TARLÓIRÍ FORMHEASTA

6.5.1. **Formheas tarlóirí**

6.5.1.1. Déanfaidh an t-údarás iomchuí tarlóirí a fhormheas.

Lorgóidh an t-iarratasóir, ar duine nádúrtha nó dlítheanach é, formheas ó údarás iomchuí an Bhallstáit ina bhfuil seoladh cónaithe nó cláraithe an iarratasóra, cibé acu is infheidhme. Lorgóidh brainsí eachtracha an iarratasóra chéanna, nó a fhochuideachtaí, formheas ó údarás iomchuí an Bhallstáit ina bhfuil seoladh cláraithe an bhrainse nó na fochuideachta eachtraí sin lonnaithe.

6.5.1.2 Cuirfidh an t-iarratasóir clár slándála faoi bhráid an údaráis iomchuí lena mbaineann. Tabharfar tuairisc sa chlár ar na modhanna agus na nósanna imeachta atá le leanúint ag an tarlóir chun ceanglais Rialachán (CE) Uimh. 300/2008 agus a ghníomhartha cur chun feidhme a chomhlíonadh. Áireofar ann forálacha agus nósanna imeachta mionsonraithe lena gcumhdófar an méid seo a leanas ar a laghad:

(1) faisnéis ghinearálta, lena n-áirítear eagrúchán, an duine atá freagrach as slándáil, rialú cáilíochta, comhar le húdaráis, tuairisciú agus pleananna agus treoracha eile;

(2) lasta a chosaint le linn a bhailithe, láimhseála, stórála teoranta, iompair agus seachadta;

(3) earcú agus oiliúint foirne, lena n-áirítear taifid oiliúna agus fianaise gur cuireadh seiceálacha cúlra i gcrích go rathúil de réir mar is infheidhme;

(4) bearta chun cosc a chur ar chur isteach neamhdhleathach i leith coinsíneachtaí aerlasta agus aerphoist ar cuireadh rialuithe slándála i bhfeidhm orthu agus gníomhartha atá le déanamh i gcás cur isteach den sórt sin.

Tabharfar tuairisc sa chlár freisin ar an gcaoi a ndéanfaidh an tarlóir féin faireachán ar chomhlíonadh na bhforálacha agus na nósanna imeachta sin.

Déanfar an clár a dhréachtú trí úsáid a bhaint as an teimpléad caighdeánaithe a leagtar amach i gCeangaltán 6–K – Clár slándála an tarlóra fhormheasta. Eintitis a bhfuil formheas á lorg acu agus a bhfuil sé beartaithe acu oibríochtaí tarlóra a dhéanamh i mBallstát nach ionann é agus an Ballstát ina bhfuil siad cláraithe agus formheasta, dréachtófar a gclár slándála i mBéarla freisin.

Ina theannta sin cuirfidh an t-iarratasóir isteach 'Dearbhú gealltanas — tarlóir formheasta' mar a leagtar amach i gCeangaltán 6-D chomh maith. Is é ionadaí dlíthiúil an iarratasóra nó an duine atá freagrach as an tslándáil a shíneoidh an dearbhú sin.

Luafar go soiléir sa dearbhú sínithe an suíomh nó na suíomhanna dá dtagraíonn sé agus coinneoidh an t-údarás iomchuí lena mbaineann é.

6.5.1.3. Tar éis an clár slándála a chur isteach agus an measúnú rathúil air lena mbunaítear ábharthacht agus iomláine an chláir sin, beidh an t-iarratasóir faoi réir fíorú ar an láthair, chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh cheanglais Rialachán (CE) Uimh. 300/2008 agus a ghníomhartha cur chun feidhme. Áireofar leis an bhfíorú ar an láthair faireachán ar na hoibríochtaí ábhartha agus ar na nósanna imeachta ábhartha arna gcur chun feidhme ag an tarlóir gan easnaimh, le linn bailiú, láimhseáil, stóráil theoranta, iompar agus seachadadh coinsíneachtaí, de réir mar is infheidhme. Leis an bhfíorú ar an láthair, cumhdófar ceann amháin ar a laghad de na suíomhanna oibriúcháin a bhaineann le líonra an tarlóra.

Sonróidh an t-údarás iomchuí ina chlár náisiúnta um shlándáil eitlíochta sibhialta dá dtagraítear in Airteagal 10 de Rialachán (CE) Uimh. 300/2008 más é an t-údarás féin nó bailíochtóir slándála eitlíochta de chuid an Aontais atá ag gníomhú thar a cheann a dhéanfaidh an measúnú ar an gclár slándála agus an fíorú ar an láthair.

Ag deireadh an fhíoraithe ar an láthair, déanfaidh an t-údarás iomchuí, nó bailíochtóir slándála eitlíochta an Aontais atá ag gníomhú thar a cheann, tuarascáil bhailíochtúcháin a dhréachtú tríd an seicliosta caighdeánaithe a leagtar amach i gCeangaltán 6-L a úsáid.

Más bailíochtóir slándála eitlíochta de chuid an Aontais a dhéanann an fíorú ar an láthair, cuirfear an tuarascáil bhailíochtúcháin agus an dearbhú neamhspleáchais – bailíochtóir slándála eitlíochta AE a leagtar amach i gCeangaltán 11-A faoi bhráid an údaráis iomchuí laistigh de mhí amháin ar a mhéad ón gcuairt ar an láthair.

Más infheidhme agus más gá chun faireachán a dhéanamh ar na hoibríochtaí ábhartha agus ar na nósanna imeachta ábhartha arna gcur chun feidhme ag an tarlóir, féadfaidh an Ballstát a dhéanann formheas cúnamh agus tacaíocht a iarraidh ar údarás iomchuí Ballstáit eile ina ndéantar oibríochtaí áirithe. Le toiliú an Bhallstáit a dhéanann formheas, féadfaidh bailíochtóir slándála eitlíochta de chuid an Aontais atá ag gníomhú thar ceann údarás iomchuí an Bhallstáit ina ndéantar oibríochtaí áirithe fíorú ar an láthair a dhéanamh ar na hoibríochtaí sin. Comhordóidh na Ballstáit lena mbaineann feidhmiú tráthúil an fhíoraithe sin ar an láthair, tiocfaidh siad ar chomhaontú maidir lena mhéid agus lena inneachar, agus bunóidh siad módúlachtaí chun faisnéis a mhalartú maidir le torthaí an fhíoraithe sin. Sa chás sin, maidir leis an tuarascáil bhailíochtúcháin lena gcumhdaítear na hoibríochtaí sin, ina gcuimsítear an seicliosta a leagtar amach i gCeangaltán 6-L, agus, i gcás inarb infheidhme, lena ngabhann an dearbhú neamhspleáchais – bailíochtóir slándála eitlíochta AE a leagtar amach i gCeangaltán 11-A:

(a) déanfar í a tharraingt suas i mBéarla nó i dteanga oifigiúil eile de chuid an Aontais, arna comhaontú idir na Ballstáit lena mbaineann;

(b) cuirfear faoi bhráid an údaráis iomchuí a dhéanann formheas í laistigh de mhí amháin ar a mhéad ón gcuairt ar an suíomh.

A luaithe a bheidh na céimeanna dá dtagraítear sa phointe seo curtha i gcrích go rathúil ag an údarás iomchuí a dhéanann formheas agus a chinnfidh sé go gcomhlíonann an t-iarratasóir ceanglais Rialachán (CE) Uimh. 300/2008 agus a ghníomhartha cur chun feidhme, deonóidh sé an stádas tarlóir formheasta ar feadh uastréimhse 5 bliana. Agus é sin á dhéanamh aige, áiritheoidh an t-údarás iomchuí go ndéanfar sonraí riachtanacha an tarlóra a iontráil i ‘mbunachar sonraí an Aontais maidir le slándáil an tslabhra soláthair’ tráth nach déanaí ná an chéad lá oibre eile. Le linn don údarás iomchuí an iontráil a dhéanamh sa bhunachar sonraí, tabharfaidh sé aitheantóir uathúil alfa-uimhriúil san fhormáid chaighdeánach do gach seoladh cláraithe.

Ní mheasfar tarlóir a bheith formheasta go dtí go mbeidh a chuid sonraí liostaithe i ‘mbunachar sonraí an Aontais maidir le slándáil an tslabhra soláthair’.

6.5.1.4. Mar mhalairt ar an nós imeachta a leagtar síos i bpointe 6.5.1.3 agus i gcás an chéad fhormheasa amháin, tar éis an mheasúnaithe rathúil ar an gclár slándála lena mbunaítear a ábharthacht agus a iomláine, féadfaidh an t-údarás iomchuí an t-iarratasóir a chur faoi réir iniúchadh doiciméad-bhunaithe ina mbeidh agallamh críochnúil leis an duine a ainmníodh mar an duine atá freagrach as cur chun feidhme an chláir slándála agus as na hoibríochtaí agus na nósanna imeachta ábhartha a cuireadh chun feidhme. Má chinneann an t-údarás iomchuí go gcomhlíonann an t-iarratasóir ceanglais Rialachán (CE) Uimh. 300/2008 agus a ghníomhartha cur chun feidhme, deonóidh sé an stádas tarlóir formheasta ar feadh uastréimhse bliana nach tréimhse inathnuaite í, ar lena linn a bheidh an tarlóir faoi réir fíorú ar an láthair, mar a leagtar amach i bpointe 6.5.1.3.

Tar éis an fíorú ar an láthair a chur i gcrích, má chinneann an t-údarás iomchuí go gcomhlíonann an t-iarratasóir ceanglais Rialachán (CE) Uimh. 300/2008 agus a ghníomhartha cur chun feidhme, deonóidh sé an stádas tarlóir formheasta ar feadh uastréimhse 5 bliana.

Mura ndéantar an fíorú ar an láthair laistigh de bhliain amháin ar chúiseanna nach bhfuil an tarlóir freagrach astu, féadfaidh an t-údarás iomchuí a dhéanann formheas síneadh a chur leis an stádas ar feadh tréimhse nach faide ná 3 mhí. Ag deireadh an tsínidh, cuirfidh an t-údarás iomchuí stádas an tarlóra ar fionraí agus ní athghníomhachtóidh sé é go dtí go gcuirfear an fíorú ar an láthair i gcrích go rathúil.

6.5.1.5. Mura mbeidh an t-údarás iomchuí sásta leis an bhfaisnéis a sholáthrófar agus a ndéanfar measúnú uirthi faoi phointí 6.5.1.2, 6.5.1.3 agus 6.5.1.4, de réir mar is infheidhme, cuirfidh sé na cúiseanna in iúl go pras don eintiteas a bhfuil formheas á lorg aige mar tharlóir formheasta.

6.5.1.6. Ainmneoidh tarlóir formheasta duine amháin ar a laghad a bheidh freagrach as cur chun feidhme an chláir slándála a cuireadh isteach agus as na hoibríochtaí agus na nósanna imeachta ábhartha a cuireadh chun feidhme. Beidh seiceáil cúlra fheabhsaithe curtha i gcrích go rathúil ag an duine sin i gcomhréir le pointe 11.1.1(b).

6.5.1.7. Beidh tarlóir formheasta faoi réir nós imeachta um ath-fhormheas ag eatraimh thráthrialta nach faide ná 5 bliana chun a mheasúnú an bhfuil an gcomhlíonann sé go fóill ceanglais Rialachán (CE) Uimh. 300/2008 agus a ghníomhartha cur chun feidhme. Áireofar leis an nós imeachta scrúdú ar an gclár slándála agus fíorú ar an láthair i gcomhréir le pointe 6.5.1.3.

Féadfar glacadh le cigireacht a dhéanfaidh an t-údarás iomchuí a dhéanann formheas i gcomhréir lena chlár náisiúnta um rialú cáilíochta mar fhíorú ar an láthair ar choinníoll go gcumhdaíonn sí na ceanglais uile is gá le haghaidh formheasa.

6.5.1.8. I gcás ina sainaithneoidh an t-údarás iomchuí a dhéanann formheas nó údarás iomchuí eile easnaimh i gcur chun feidhme oibríochtaí an tarlóra, cuirfidh sé an tarlóir ar an eolas go pras fúthu agus iarrfaidh sé air na heasnaimh a cheartú. I gcás nach mbaintear an ceartú amach laistigh de thréimhse ama réasúnta nó i gcás ina meastar go bhfuil tionchar suntasach ag na heasnaimh ar shlándáil an tslabhra soláthair, déanfaidh an t-údarás iomchuí a dhéanann formheas stádas an tarlóra fhormheasta a chur ar fionraí nó a tharraingt siar, de réir mar is iomchuí.

I gcás nach bhfuil an t-údarás iomchuí a dheonaigh an formheas sásta a thuilleadh go gcomhlíonann an tarlóir formheasta ceanglais Rialachán (CE) Uimh. 300/2008 agus a ghníomhartha cur chun feidhme, tarraingeoidh sé siar an stádas 'tarlóir formheasta'.

Díreach tar éis na tarraingthe siar, agus in aon chás laistigh de 24 uair an chloig tar éis na tarraingthe siar, áiritheoidh an t-údarás iomchuí a dhéanann formheas go gcuirfear athrú stádais an tarlóra fhormheasta in iúl i 'mbunachar sonraí an Aontais maidir le slándáil an tslabhra soláthair'.

6.5.1.9. Aithneofar tarlóir formheasta, arna fhormheas i gcomhréir le pointe 6.5 den Iarscríbhinn seo, mar tharlóir formheasta sna Ballstáit uile.

6.5.2. **Rialuithe slándála atá le cur i bhfeidhm ag tarlóir formheasta**

6.5.2.1. Áiritheoidh tarlóir formheasta an méid seo a leanas:

(a) ag a áitribh agus ag na suíomhanna ag a gcuirtear oibríochtaí agus nósanna imeachta chun feidhme, tá leibhéal slándála ann ar leor é chun cosaint a thabhairt d'aerlasta inaitheanta agus aerphost inaitheanta ar cuireadh rialuithe slándála i bhfeidhm orthu roimhe sin;

(b) tá oiliúint curtha ar gach ball foirne a dhéanann iompar lasta agus poist maidir le feasacht ar chúrsaí slándála ginearálta i gcomhréir le pointe 11.2.7;

(c) na baill foirne uile dá dtagraítear i bpointe (b) a dtugtar rochtain gan mhaoirseacht dóibh freisin ar lasta agus ar phost ar cuireadh na rialuithe slándála a bhfuil gá leo i bhfeidhm ina dtaobh, tá oiliúint slándála curtha orthu i gcomhréir le pointe 11.2.3.9 agus tá seiceáil cúlra déanta orthu i gcomhréir le pointe 11.1.2(b);

(d) tá aerlasta inaitheanta agus aerphost inaitheanta ar cuireadh rialuithe slándála i bhfeidhm orthu roimhe seo cosanta ar chur isteach neamhúdaraithe agus ar athrú calaoiseach le linn an bhailithe, na láimhseála, na stórála teoranta, an iompair agus an tseachadta.

6.5.2.2 Chun a áirithiú go ndéanfar coinsíneachtaí ar cuireadh na rialuithe slándála is gá i bhfeidhm ina dtaobh a chosaint ar chur isteach neamhúdaraithe le linn na n-oibríochtaí a dhéanann an tarlóir formheasta, beidh feidhm ag na ceanglais uile seo a leanas:

(a) déanfaidh an gníomhaire rialáilte nó an coinsíneoir aitheanta na coinsíneachtaí a phacáil nó a shéalú chun a áirithiú gur léir aon athrú calaoiseach orthu. I gcás nach féidir é sin a dhéanamh, glacfar bearta cosanta malartacha lena n-áiritheofar sláine na coinsíneachta;

(b) déanfar cuardach ar urrann an lasta díreach roimh lastáil agus déanfar sláine an chuardaigh sin a chosaint go dtí go mbeidh an luchtú críochnaithe;

(c) déanfar urrann lasta na feithicle inar n-iomprófar na coinsíneachtaí a chur faoi ghlas nó a shéalú, nó i gcás feithiclí cabhlach cuirtíní, déanfar iad a dhaingniú le cordaí TIR chun a áirithiú gur léir aon athrú calaoiseach, nó i gcás feithiclí gan ráillí coinneofar súil ghéar ar an láthair lastála;

(d) beidh cárta aitheantais, pas, ceadúnas tiomána nó doiciméad eile ar iompar ag gach tiománaí, ar a mbeidh grianghraf den duine, arna eisiúint nó arna aithint ag na húdaráis náisiúnta. Úsáidfear an cárta nó an doiciméad chun céannacht an duine a fhaigheann nó a sheachadann na coinsíneachtaí a dhearbhú;

(e) ní dhéanfaidh tiománaithe stadanna neamhsceidealta idir bailiú agus seachadadh. I gcás nach féidir é sin a sheachaint, seiceálfaidh an tiománaí slándáil an lasta agus sláine na nglas nó na séalaí, nó iad araon, ar fhilleadh dó. Má aimsíonn an tiománaí aon fhianaise ar chur isteach, cuirfidh sé é sin in iúl dá mhaoirseoir agus d'fhaighteoir an aerlasta nó an aerphoist araon;

(f) ní ligfear iompar ar fochonradh do thríú páirtí, ach amháin más tarlóir formheasta é an tríú páirtí féin i gcomhréir le pointe 6.5 nó gníomhaire rialáilte i gcomhréir le pointe 6.3;

(g) ní dhéanfar aon seirbhís eile chun aerlasta a láimhseáil (amhail stóráil nó cosaint theoranta) a ligean ar fochonradh chuig aon pháirtí eile seachas gníomhaire rialáilte.

6.5.3. **Dáta cur i bhfeidhm**

6.5.3.1 Ón 1 Eanáir 2027 ar aghaidh, is iad seo a leanas amháin a dhéanfaidh coinsíneachtaí aerlasta agus aerphoist ar cuireadh rialuithe slándála i bhfeidhm orthu roimhe seo a iompar de mhuir agus de thír laistigh den Aontas, lena n-áirítear iompar trí bhíthin feithicil faoi bhille aeriompair agus uimhir eitilte an aeriompróra ar thar a cheann a dhéantar an t-iompar, i gcomhréir leis an tsamhail seirbhíse friothálach de bhóthar aerlasta:

(a) gníomhaire rialáilte, a bhfuil a mhodhanna agus a acmhainní féin aige mar a thuairiscítear ina chlár slándála agus a deimhníodh le linn an fhíoraithe ar an láthair sa phróiseas formheasa;

(b) coinsíneoir aitheanta, i gcás lasta agus poist a thionscain sé féin, a bhfuil a mhodhanna agus a acmhainní féin mar a thuairiscítear ina chlár slándála agus a deimhníodh le linn an fhíoraithe ar an láthair sa phróiseas formheasa;

(c) tarlóir atá formheasta ag údarás iomchuí i gcomhréir le pointe 6.5. agus a bhfuil comhaontú iompair déanta aige leis an ngníomhaire rialáilte nó leis an gcoinsíneoir aitheanta ar thar a cheann a dhéantar an t-iompar, nó i gcás gníomhaíocht seirbhíse friothálach de bhóthar aerlasta, go díreach leis an aeriompróir ábhartha ar thar a cheann a dhéantar an t-iompar.

Ní bheidh feidhm ag an gcéad mhír maidir le hiompar laistigh de limistéir shrianta slándála ag aerfoirt.';

(14) i bpointe 6.6.1.1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara agus an tríú mír:

'I gcás ina bhfuil an tarlóir formheasta ag údarás iomchuí i gcomhréir le pointe 6.5, féadfar fíorú stádas an tarlóra fhormheasta a chur in ionad an dearbhú tarlóra dá dtagraítear sa chéad mhír, pointe (c) den phointe sin i 'mbunachar sonraí an Aontais maidir le slándáil an tslabhra soláthair'.

Beidh feidhm ag an gcéad mhír, pointe (c), go dtí an 31 Nollaig 2026.';

(15) cuirtear an ceangaltán seo a leanas, Ceangaltán 6-D, isteach:

'**CEANGALTÁN 6-D**

DEARBHÚ GEALLTANAS — TARLÓIR FORMHEASTA

I gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 300/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]) maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse slándála na heitlíochta sibhialta agus a ghníomhartha cur chun feidhme,

dearbhaím,

— de réir mar is fearr is eol dom, an méid seo a leanas: tá an fhaisnéis atá i gclár slándála na cuideachta fíor agus cruinn;

— déanfar na cleachtais agus na nósanna imeachta atá leagtha amach sa chlár slándála a chur i bhfeidhm agus a choinneáil ar bun ag gach suíomh a chumhdaítear leis an gclár;

— déanfar an clár slándála a choigeartú agus a oiriúnú chun gach athrú ábhartha a dhéanfar amach anseo ar reachtaíocht an Aontais a chomhlíonadh, ach amháin má chuireann [ainm na cuideachta] in iúl do [ainm an údaráis iomchuí] nach mian leis trádáil a dhéanamh mar tharlóir formheasta a thuilleadh;

— cuirfidh [ainm na cuideachta] [ainm an údaráis iomchuí] ar an eolas i scríbhinn faoi na nithe seo a leanas:

(a) mionathruithe ar a chlár slándála, amhail ainm na cuideachta nó an duine atá freagrach as slándáil nó sonraí teagmhála, go pras agus laistigh de 10 lá oibre ar a laghad;

(b) mórathruithe atá beartaithe, amhail athruithe nós imeachta a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do chomhlíonadh reachtaíocht ábhartha an Aontais nó reachtaíocht ábhartha náisiúnta nó athrú ar an suíomh nó ar an seoladh, 15 lá oibre ar a laghad roimh a dtús nó roimh an athrú atá beartaithe;

— d'fhonn a áirithiú go gcomhlíonfar reachtaíocht ábhartha an Aontais, comhoibreoidh [ainm na cuideachta] go hiomlán le gach cigireacht, de réir mar is gá, agus tabharfaidh sé rochtain ar gach doiciméad, arna iarraidh sin ag cigirí;

— cuirfidh [ainm na cuideachta] [ainm an údaráis iomchuí] ar an eolas faoi aon sárú tromchúiseach slándála agus faoi aon imthoisc amhrasach a d'fhéadfadh a bheith ábhartha maidir le slándáil aerlasta nó aerphoist, go háirithe aon iarracht earraí toirmiscthe a cheilt i gcoinsíneachtaí agus nó cur isteach ar iompar slán, nó iad araon;

— áiritheoidh [ainm na cuideachta] go gcuirfear oiliúint ar gach ball foirne ábhartha i gcomhréir le Caibidil 11 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1998 ([2]) ón gCoimisiún agus go mbeidh siad ar an eolas faoina bhfreagrachtaí slándála faoi chlár slándála na cuideachta;

— cuirfidh [ainm na cuideachta] [ainm an údaráis iomchuí] ar an eolas más rud é:

(a) go scoireann sé de bheith ag trádáil;

(b) nach mbíonn baint aige a thuilleadh le haerlasta/aerphost a iompar;

(c) nach féidir leis ceanglais reachtaíocht ábhartha an Aontais a chomhlíonadh a thuilleadh.

Glacaim freagracht iomlán as an dearbhú seo.

Ainm:

Post sa chuideachta:

Ainm agus seoladh cláraithe na cuideachta:

Dáta:

Síniú:

_____

([1]) Rialachán (CE) Uimh. 300/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2008 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse slándála na heitlíochta sibhialta agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2320/2002 (IO L 97, 9.4.2008, lch. 72, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2008/300/oj).

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1998 ón gCoimisiún an 5 Samhain 2015 lena leagtar síos bearta mionsonraithe i ndáil le cur chun feidhme na mbunchaighdeán comhchoiteann maidir le slándáil na heitlíochta (IO L 299, 14.11.2015, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2015/1998/oj)„.';

(16) i liosta 6-Fi i gCeangaltán 6-F, cuirtear an iontráil seo a leanas isteach roimh an iontráil Montainéagró:

'**Ríocht na hIorua, maidir le hAerfort Svalbard**';

(17) cuirtear na ceangaltáin 6-K agus 6-L seo a leanas leis:

'**CEANGALTÁN 6-K**

CLÁR SLÁNDÁLA AN TARLÓRA FHORMHEASTA

Réamhrá

Tá an teimpléad seo le haghaidh clár slándála tarlóra fhormheasta deartha chun cabhrú leat cur síos agus measúnú a dhéanamh ar na réamhchúraimí slándála atá agat cheana féin bunaithe ar na critéir maidir le tarlóirí a leagtar amach i bpointe 6.5 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1998. Tá sé i gceist é a chur ar do chumas duit a áirithiú go gcomhlíonann tú na ceanglais sula mbeidh tú faoi réir fíorú oifigiúil.

Cuirfidh an t-iarratasóir clár slándála faoi bhráid an údaráis iomchuí lena mbaineann. Tabharfar tuairisc sa chlár ar na modhanna agus na nósanna imeachta atá le leanúint ag an tarlóir chun ceanglais Rialachán (CE) Uimh. 300/2008 agus a ghníomhartha cur chun feidhme a chomhlíonadh.

Déanfar clár slándála an tarlóra fhormheasta a chosaint ar rochtain neamhúdaraithe agus ní úsáidfear é ach ar bhonn inmheánach cuideachta, toisc go bhfuil faisnéis ann a bhaineann le slándáil. Ní mór do gach duine a gcuirtear cúraimí slándála eitlíochta de chúram air eolas inléirithe a bheith aige ar an ábhar chomh maith leis an gcumas é a chur i bhfeidhm.

Treoracha maidir le líonadh:

— Mura mbaineann nósanna imeachta sonraithe le do láithreán oibriúcháin, ní mór é sin a shonrú sa chlár slándála tarlóra fhormheasta.

— A mhéid a dhéanann tú athruithe ar chaibidil den chlár slándála seo amach anseo, déan nóta de dháta athraithe na caibidle ábhartha i gclár na n-ábhar agus cuir isteach an clár slándála tarlóra iomlán leis na hathruithe chuig an údarás cuí a thug formheas duit. **Ina theannta sin, ní mór athruithe ar an gclár slándála tarlóra fhormheasta a aibhsiú le dath.**

Clár na n-ábhar

Caibidil	Ábhar	Dáta an mhionathraithe is déanaí
1	Sonraí teagmhála	
2	Pearsanra	
3	Iompar agus cosaint aerlasta agus aerphoist	
4	Stóráil theoranta/trasloingsiú aerlasta agus aerphoist	
5	Dearbhú cáilíochta inmheánach	
6	Bagairt chos istigh agus an cultúr slándála	
7	Ceangaltáin: ceanglais náisiúnta	

CAIBIDIL 1

Sonraí teagmhála

1.1 Ainm, seoladh cláraithe agus sonraí teagmhála an tarlóra

Tabhair ainm, seoladh iomlán agus sonraí teagmhála (teileafón, seoladh ríomhphoist, etc.) cheanncheathrú na cuideachta. Tabhair faoi deara go bhformheasfar do chuideachta faoi ainm oifigiúil na cuideachta atá ar an gclár tráchtála. Formheastar trádálaithe beaga nó trádálaithe aonair mar tharlóirí faoina gcéadainm agus a sloinne (mar a luaitear iad sa cheadúnas trádála).

Tabhair uimhir CBL/an Chomhlachais Tráchtála/an chláraithe chorparáidigh (de réir mar is infheidhme).

1.2 An duine atá freagrach as cur chun feidhme chlár slándála an tarlóra fhormheasta (bainisteoir slándála)

Tabhair ainm agus sonraí teagmhála (teileafón, seoladh ríomhphoist, etc.) an duine atá freagrach as an gclár slándála a thiomsú, as a chur chun feidhme, agus as comhlíonadh an chláir sin.

1.3 Féinléiriú na cuideachta

Tabhair faisnéis mhionsonraithe maidir le gníomhaíochtaí gnó sonracha do chuideachta, go háirithe:

— na cineálacha lasta a iompraíonn tú (e.g. ainmhithe beo, earraí meatacha, earraí contúirteacha, etc.);

— cibé acu a ligeann nó nach ligeann tú iompar aerlasta nó aerphoist ar cuireadh rialuithe slándála i bhfeidhm orthu ar fochonradh do thríú páirtithe (i.e. tarlóir formheasta eile nó gníomhaire rialáilte) (nó cibé acu a bheartaíonn tú déanamh amhlaidh).

1.4 Láithreáin oibriúcháin (le líonadh isteach murab ionann iad agus 1.1)

1.4.1 Cuir in iúl:

— ainm agus seoladh iomlán na láithreán oibriúcháin uile sa Bhallstát (más infheidhme);

— neaslíon na bhfostaithe ar gach láithreán oibriúcháin (tráth bhunú an chláir slándála seo);

— cineál agus neas-sciar na n-oibríochtaí a dhéantar ar gach láithreán oibriúcháin (mar chéatadán den iomlán).

1.4.2 Cuir in iúl:

— ainm agus seoladh iomlán na láithreán oibriúcháin uile i ngach Ballstát seachas an Ballstát a dhéanann formheas (más infheidhme);

— neaslíon na bhfostaithe ar gach láithreán oibriúcháin (tráth bhunú an chláir slándála seo);

— cineál agus neas-sciar na n-oibríochtaí a dhéantar ar gach láithreán oibriúcháin (mar chéatadán den iomlán).

CAIBIDIL 2

Pearsanra

Déantar an nós imeachta earcaíochta pearsanra agus an oiliúint i gcomhréir le Caibidil 11 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1998, mar a thuairiscítear thíos.

2.1 Earcaíocht

Tabhair tuairisc ar an nós imeachta earcaíochta pearsanra atá i bhfeidhm agus ar an gcaoi a n-áirithíonn sé go gcomhlíontar pointí 11.1.8, 11.1.9 agus 11.1.10 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1998.

Ní mór taifid earcaíochta agus oiliúna, lena n-áirítear torthaí ar aon thástáil measúnaithe, a choinneáil ar feadh thréimhse an chonartha ar a laghad. Tabhair tuairisc ar an gcaoi a n-áirithíonn do nósanna imeachta go gcomhlíontar pointe 11.1.10 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1998.

2.2 Seiceáil cúlra

Tá gá le seiceáil cúlra fheabhsaithe rathúil don duine atá freagrach as cur chun feidhme chlár slándála an tarlóra fhormheasta (bainisteoir slándála), mar a shonraítear i bpointe 1.2.

Tá gá le seiceáil cúlra rathúil do dhaoine a bhfuil rochtain gan tionlacan acu ar aerlasta agus ar aerphost ar cuireadh na rialuithe slándála is gá i bhfeidhm ina dtaobh, agus do dhaoine a chuireann cosaint agus aon rialú slándála eile chun feidhme i ndáil leis an aerlasta agus leis an aerphost sin. Cinnfidh an t-údarás iomchuí a fhormheasann an tarlóir cé acu seiceáil cúlra fheabhsaithe nó chaighdeánach is gá a chur i gcrích i gcomhréir leis na rialacha náisiúnta is infheidhme.

Tabhair tuairisc ar an nós imeachta um sheiceáil cúlra do na catagóirí éagsúla pearsanra agus ar an gcaoi a n-áirithíonn an nós imeachta go bhfuil seiceáil cúlra bhailí ag an bhfoireann ábhartha i gcónaí.

Má theipeann ar dhuine i seiceáil cúlra nó má tharraingíonn an t-údarás inniúil siar an tseiceáil cúlra, tarraingítear siar cearta rochtana agus iontrála an duine láithreach agus ní úsáidfear an duine sin a thuilleadh le haghaidh gníomhaíochtaí a éilíonn go mbeidh seiceáil cúlra curtha i gcrích go rathúil. Tabhair tuairisc ar an nós imeachta ábhartha is infheidhme i gcásanna den sórt sin.

2.3 Catagóirí pearsanra agus oiliúna

Tá na catagóirí pearsanra seo a leanas ann agus tá siad faoi réir na sonraíochtaí oiliúna ábhartha atá sna pointí seo a leanas den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1998:

— an duine atá freagrach as cur chun feidhme chlár slándála an tarlóra fhormheasta (bainisteoir slándála): oiliúint i gcomhréir le pointe 11.2.5;

— pearsanra a bhfuil rochtain gan mhaoirseacht nó gan tionlacan acu a dhéanann bailiú, iompar, stóráil theoranta agus seachadadh aerlasta nó aerphoist ar cuireadh rialuithe slándála i bhfeidhm ina thaobh: oiliúint i gcomhréir le pointe 11.2.3.9;

— pearsanra a bhfuil rochtain faoi mhaoirsiú nó faoi thionlacan acu a dhéanann bailiú, iompar, stóráil theoranta agus seachadadh aerlasta nó aerphoist ar cuireadh rialuithe slándála i bhfeidhm ina thaobh: oiliúint i gcomhréir le pointe 11.2.7;

— pearsanra nach bhfuil rochtain acu ar aerlasta ná ar aerphost ar cuireadh rialuithe slándála i bhfeidhm ina thaobh, a bhfuil baint acu le hiompar nó le stóráil theoranta an aerlasta nó an aerphoist sin: oiliúint i gcomhréir le pointe 11.2.7.

Ní mór oiliúint thréimhsiúil a chur ar phearsanra i gcomhréir le pointe 11.4.3(a) den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1998.

Cuimsíonn an pearsanra pearsanra na cuideachta féin agus pearsanra ó sholáthraithe seirbhíse atá ag obair ag an láithreán oibriúcháin.

Áirithíonn an tarlóir formheasta go gcuirtear liosta atá cothrom le dáta den phearsanra dá dtagraítear sa phointe seo agus de na taifid oiliúna ábhartha ar fáil don údarás iomchuí arna iarraidh sin tráth ar bith.

Tabhair tuairisc ar an nós imeachta agus ar na bearta a glacadh chun a áirithiú go gcomhlíontar ceanglais an phointe seo i gcónaí.

CAIBIDIL 3

Iompar agus cosaint aerlasta agus aerphoist

Agus aerlasta nó aerphost ar cuireadh rialuithe slándála i bhfeidhm air á bhailiú, á iompar agus á sheachadadh aige, ní mór don tarlóir a áirithiú go gcuirfidh sé ceanglais phointí 6.5.2.1, 6.5.2.2 agus 6.6 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1998 chun feidhme ina chuid oibríochtaí.

Tabhair tuairisc ar an tslí a n-áirithíonn an tarlóir go gcomhlíontar na forálacha dlí sin.

Tabhair tuairisc ar na gníomhaíochtaí a chuir an tarlóir chun feidhme i gcás ina bhfuil cúis ar bith lena chreidiúint go raibh coinsíneacht ar cuireadh rialuithe slándála i bhfeidhm uirthi faoi réir cur isteach neamhdhleathach nó nár cosnaíodh í i gcomhréir le pointe 6.6 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1998, nó iad araon.

CAIBIDIL 4

Stóráil theoranta/Trasloingsiú aerlasta agus aerphoist

I gcomhréir le pointe 6.0.6 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1998 ciallaíonn 'stóráil theoranta' an t-am foriomlán atá fíor-riachtanach chun go ndéanfaidh tarlóir formheasta trasloingsiú lasta agus poist ó mhodh iompair amháin go dtí an modh a úsáidtear don chuid ina dhiaidh sin d'iompar an lastais sin de mhuir agus de thír.

Le linn na stórála teoranta, coinneofar an choinsíneacht faoi chosaint ar chur isteach neamhúdaraithe i gcomhréir le pointí 6.5.2, 6.6.1 agus 6.6.2 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1998.

Cuir in iúl cé acu a dhéanann nó nach ndéanann an tarlóir oibríochtaí stórála teoranta. Más infheidhme:

— tabhair tuairisc ar gach cineál agus modh stórála a úsáidtear ag gach ceann de na suíomhanna ina bhfuil feidhm aige sin (e.g. trádstóras, coimeádán, etc.), na cúiseanna lena n-úsáid agus na nósanna imeachta ábhartha atá i bhfeidhm;

— mínigh an chaoi a bhfuil aerlasta agus aerphost ar cuireadh rialuithe slándála i bhfeidhm ina thaobh cosanta ar chur isteach neamhúdaraithe le linn stóráil theoranta;

— tabhair tuairisc ar na gníomhaíochtaí a chuir an tarlóir chun feidhme i gcás ina bhfuil cúis ar bith lena chreidiúint go raibh coinsíneacht ar cuireadh rialuithe slándála i bhfeidhm uirthi faoi réir cur isteach neamhdhleathach nó nár cosnaíodh í i gcomhréir le pointí 6.5.2, 6.6.1 agus 6.6.2 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1998, nó iad araon.

CAIBIDIL 5

Dearbhú cáilíochta inmheánach arna dhéanamh ag an tarlóir formheasta

Ní mór don tarlóir formheasta dearbhú cáilíochta inmheánach a dhéanamh go tráthrialta, i gcomhréir leis na ceanglais náisiúnta.

Ní mór don tarlóir formheasta an duine atá freagrach as gníomhaíochtaí cáilíochta inmheánacha slándála eitlíochta a shonrú (murab ionann é agus an duine a shonraítear i bpointe 1.2).

Ní mór don tarlóir formheasta a áirithiú go gcomhlíontar na ceanglais reachtúla maidir le cosaint aerlasta nó aerphoist ar cuireadh rialuithe slándála i bhfeidhm orthu agus go bhfuil na nósanna imeachta a thuairiscítear sa chlár slándála cothrom le dáta. Chuige sin, ní mór don tarlóir tuarascáil inmheánach cáilíochta a chur le chéile.

Liostaigh na gníomhaíochtaí um rialú cáilíochta a dhéantar agus tabhair tuairisc orthu agus áirithigh go n-áireofar agus go gcumhdaítear na nithe seo a leanas:

— raon feidhme agus minicíocht na ngníomhaíochtaí um rialú cáilíochta;

— na háiteanna agus na hítimí atá le seiceáil;

— ualú na n-easnamh aonair (e.g. mion-easnamh, easnamh tromchúiseach nó easnamh an-tromchúiseach);

— freagrachtaí maidir le heasnaimh a cheartú agus spriocdhátaí maidir le cur i gcrích, mar aon le haon nós imeachta méadúcháin.

Áiritheoidh an tarlóir formheasta go gcuirfear na taifid de ghníomhaíochtaí cáilíochta inmheánacha slándála eitlíochta ar fáil don údarás iomchuí arna iarraidh sin tráth ar bith.

CAIBIDIL 6

Bagairt chos istigh agus an cultúr slándála

Chun bagairt ciontóirí inmheánacha (bagairt chos istigh) a chomhrac agus a mhaolú, ní mór don tarlóir formheasta rialúcháin inmheánacha iomchuí agus bearta coisctheacha gaolmhara a leagan síos chun feasacht a mhúscailt agus cultúr slándála a chur chun cinn.

Chuige sin, cuireann an tarlóir bearta coisctheacha chun feidhme chun bagairt agus radacú ón taobh istigh a aithint agus chun na bagairtí sin a chomhrac, chomh maith le córais chun measúnú a dhéanamh ar theagmhais atá ábhartha do shlándáil na heitlíochta. Tá na bearta a ghlactar agus na córais measúnaithe á n-anailísiú agus á gceartú go leanúnach, i gcomhréir leis an méid seo a leanas:

— tabhair ainm agus sonraí teagmhála an duine (murab ionann é agus an duine a shonraítear i bpointe 1.2) nó an fheidhm atá freagrach as na bearta sin a chomhordú;

— tabhair ainm agus sonraí teagmhála an duine (murab ionann é agus an duine a shonraítear i bpointe 1.2) nó an fheidhm atá freagrach as measúnú a dhéanamh ar thuarascálacha a thagann isteach agus as na bearta atá le baint astu a thionscnamh agus a chomhordú;

— tabhair tuairisc ar na bearta feasachta pearsanra agus ar an bhfaisnéis maidir leis an gcóras tuairiscithe inmheánaigh.

CAIBIDIL 7

Ceangaltáin: ceanglais náisiúnta

Cuir san áireamh aon fhaisnéis agus doiciméid bheartais nó rialála arna mbunú ar an leibhéal náisiúnta agus a chomhlíonfaidh an tarlóir formheasta.

CEANGALTÁN 6-L

SEICLIOSTA BHAILÍOCHTÚCHÁIN LE hAGHAIDH TARLÓIRÍ FORMHEASTA

Nótaí maidir le líonadh isteach

Agus an seicliosta seo á líonadh isteach agat, tabhair faoi deara, más NÍ hAMHLAIDH an freagra ar aon cheist a chuirtear i gcló trom, NÍ MÓR an bailíochtú a mheas mar THEIP, ach amháin mura mbaineann an cheist le hábhar.

Tabhair do d'aire go bhfuil dhá chineál ceisteanna ar an seicliosta seo: (1) na cinn sin a gciallóidh freagra diúltach orthu go huathoibríoch nach féidir glacadh leat mar tharlóir formheasta agus (2) na cinn a úsáidfear chun tuairim ghinearálta a fháil ar fhorálacha slándála an tarlóra chun a chur ar a chumas don bhailíochtóir teacht ar chonclúid fhoriomlán. Léirítear na réimsí ina dtaifeadfar 'teip' go huathoibríoch leis na ceanglais a léirítear i gcló trom. Má tá 'teip' ann maidir leis na ceanglais a léirítear i gcló trom, tabharfar na cúiseanna don tarlóir, chomh maith le comhairle maidir le coigeartuithe a theastaíonn chun pas a fháil.

CUID 1

Eagrú agus freagrachtaí

1.1	Dáta an bhailíochtaithe	
	ll/mm/bbbb	
1.2	Dáta an bhailíochtúcháin roimhe seo agus an t-aitheantóir uathúil alfa-uimhriúil (UAI) i gcás inarb infheidhme	
	ll/mm/bbbb	
	UAI	
1.3	Ainm na heagraíochta atá le bailíochtú	
	Ainm: Uimhir CBL/uimhir comhlachais tráchtála/uimhir cláraithe chorparáidigh (más infheidhme):	
1.4	Raon feidhme geografach na n-oibríochtaí: An amhlaidh go bhfuil níos mó ná suíomh amháin ag an iarratasóir sa Bhallstát óna bhfuil formheas á lorg aige?	
IS AMHLAIDH nó NÍ hAMHLAIDH		
MÁS AMHLAIDH, liostaigh na suíomhanna go léir sa Bhallstát sin		

Sonraigh, i gcás gach suímh, neaslíon iomlán: — na bhfostaithe go léir — na bhfostaithe a dhéileálann le haerlasta agus le haerphost slán — cineál agus sciar na n-oibríochtaí a dhéantar (mar chéatadán den iomlán)	
1.5 Raon feidhme geografach na n-oibríochtaí: An amhlaidh go bhfuil an t-iarratasóir ag feidhmiú freisin i mBallstát nó i mBallstáit seachas an Ballstát óna bhfuil an formheas á lorg aige?	
IS AMHLAIDH nó NÍ hAMHLAIDH	
MÁS AMHLAIDH, liostaigh na suíomhanna go léir i mBallstáit eile:	
Neaslíon na bhfostaithe ag gach suíomh	
Sonraigh cineál agus sciar na n-oibríochtaí i ngach ceann de na Ballstáit eile (mar chéatadán den iomlán)	
1.6 Seoladh an tsuímh/na suíomhanna atá le bailíochtú agus an chúis atá leis an roghnú i gcás iliomad suíomhanna. NB. féadfaidh suíomh nó suíomhanna i mBallstát nó i mBallstáit eile a bheith san áireamh leis seo freisin [cuir rónna leis de réir mar is gá]	
An chúis leis an suíomh a roghnú	
Uimhir/Aonad/Foirgneamh	
Sráid	
Baile	
Cód poist	
Tír	
1.7 Príomhsheoladh na heagraíochta (murab ionann é agus an suíomh atá le bailíochtú) sa Bhallstát a dhéanann formheas	
Uimhir/Aonad/Foirgneamh	
Sráid	
Baile	
Cód poist	
Tír	
1.8 Ainm agus teideal an duine atá freagrach as slándáil aerlasta/aerphoist	
Ainm	
Teideal an phoist	
1.9 Uimhir theileafóin theagmhála	
Uimhir theileafóin	
1.10 Seoladh ríomhphoist teagmhála	
Ríomhphost	

CUID 2

Earcaíocht agus oiliúint foirne

Cuspóir: Chun a áirithiú gur cuireadh gach pearsanra a gceanglaítear déanamh amhlaidh ina leith faoi réir seiceáil cúlra iomchuí agus gur cuireadh oiliúint orthu i gcomhréir le Caibidil 11 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1998.

2.1 **An amhlaidh go bhfuil ceanglas maidir le seiceáil cúlra fheabhsaithe i gcomhréir le pointe 11.1.1(b) den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1998 san áireamh sa phróiseas ceapacháin don duine ainmnithe atá freagrach as cur i bhfeidhm agus maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme na rialuithe slándála ar an suíomh?**	
IS AMHLAIDH nó NÍ hAMHLAIDH	
MÁS AMHLAIDH, déan cur síos	
2.2 **An amhlaidh go bhfuil nós imeachta earcaíochta ann chun a áirithiú go ndearnadh seiceáil cúlra i gcomhréir le pointe 11.1.2(b) den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1998, agus a mhéid a éilíonn an t-údarás iomchuí a dhéanann formheas, ar gach ball foirne a bhfuil rochtain gan mhaoirseacht nó gan tionlacan aige ar aerlasta inaitheanta nó ar aerphost inaitheanta ar cuireadh na rialuithe slándála is gá i bhfeidhm ina dtaobh?**	
IS AMHLAIDH nó NÍ hAMHLAIDH	
MÁS AMHLAIDH, déan cur síos	
2.3 **An amhlaidh go bhfuil nós imeachta earcaíochta ann chun a áirithiú gur cuireadh oiliúint maidir le feasacht ar chúrsaí slándála ginearálta i gcomhréir le pointe 11.2.7 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1998 ar gach ball foirne nach bhfuil rochtain gan mhaoirseacht nó gan tionlacan aige ar lasta nó post ar cuireadh na rialuithe slándála is gá i bhfeidhm ina dtaobh, agus a dhéanann an t-iompar nó an stóráil theoranta ar an lasta nó an post sin?**	
IS AMHLAIDH nó NÍ hAMHLAIDH	
MÁS AMHLAIDH, déan cur síos	
2.4 **An amhlaidh go bhfuil nós imeachta earcaíochta ann chun a áirithiú gur cuireadh oiliúint slándála i gcomhréir le pointe 11.2.3.9 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1998 ar gach ball foirne a bhfuil rochtain gan mhaoirseacht nó gan tionlacan aige ar aerlasta inaitheanta nó ar aerphost inaitheanta ar cuireadh na rialuithe slándála is gá i bhfeidhm ina dtaobh?**	
IS AMHLAIDH nó NÍ hAMHLAIDH	
MÁS AMHLAIDH, déan cur síos	
2.5 **An amhlaidh go bhfuil oiliúint slándála i gcomhréir le pointe 11.2.5 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1998 san áireamh sa phróiseas ceapacháin don duine ainmnithe atá freagrach as cur i bhfeidhm agus maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme na rialuithe slándála ar an suíomh?**	
IS AMHLAIDH nó NÍ hAMHLAIDH	
MÁS AMHLAIDH, déan cur síos	
2.6 **An amhlaidh go bhfaigheann baill foirne (dá dtagraítear i bpointí 2.3, 2.4 agus 2.5) oiliúint thréimhsiúil i gcomhréir leis an minicíocht atá leagtha síos don oiliúint seo?**	
IS AMHLAIDH nó NÍ hAMHLAIDH	
MÁS AMHLAIDH, déan cur síos	

2.7	**Measúnú — An amhlaidh gur leor na bearta chun a áirithiú go ndearnadh gach ball foirne a bhfuil rochtain aige ar aerlasta inaitheanta nó ar aerphost inaitheanta a earcú, agus gur cuireadh oiliúint air, i gceart i gcomhréir le Caibidil 11 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1998?**	
IS AMHLAIDH nó NÍ hAMHLAIDH		
MURA B AMHLAIDH, sonraigh na cúiseanna		

CUID 3

Iompar

Cuspóir: Aerlasta inaitheanta nó aerphost inaitheanta a chosaint ar chur isteach neamhúdaraithe nó ar athrú calaoiseach.

3.1	**An amhlaidh go bhfuil an tarlóir ag iompar an aerlasta nó an aerphoist thar ceann gníomhaire rialáilte nó coinsíneora aitheanta, nó thar a gceann araon?**	
IS AMHLAIDH nó NÍ hAMHLAIDH		
3.2	An amhlaidh go bhfuil fochonraitheoir á úsáid ag an tarlóir le haghaidh iompair?	
IS AMHLAIDH nó NÍ hAMHLAIDH		
MÁS AMHLAIDH, tabhair tuairisc ar conas a fhíoraíonn an tarlóir gur tarlóir formheasta nó gníomhaire rialáilte é an conraitheoir féin?		
3.3	An amhlaidh gur féidir urrann lasta na feithicle iompair a dhaingniú?	
IS AMHLAIDH nó NÍ hAMHLAIDH		
MÁS AMHLAIDH, déan cur síos ar conas		
3.4 (a)	I gcás inar féidir urrann lasta na feithicle iompair a dhaingniú, an amhlaidh go n-úsáidtear séalaí uimhrithe?	
IS AMHLAIDH nó NÍ hAMHLAIDH		
(b)	I gcás ina n-úsáidtear séalaí uimhrithe, an amhlaidh go bhfuil rochtain ar na séalaí á rialú agus go dtaifeadtar na huimhreacha nuair a chuirtear i bhfeidhm iad?	
IS AMHLAIDH nó NÍ hAMHLAIDH		
MÁS AMHLAIDH, déan cur síos ar conas		
3.5	**Measúnú: An amhlaidh gur leor na bearta chun aerlasta nó aerphost a chosaint ar chur isteach neamhúdaraithe le linn iompair?**	
IS AMHLAIDH nó NÍ hAMHLAIDH		
MURAB AMHLAIDH, sonraigh na cúiseanna		

CUID 4

Stóráil theoranta/Trasloingsiú

Cuspóir: Aerlasta inaitheanta nó aerphost inaitheanta a chosaint ar chur isteach neamhúdaraithe nó ar athrú calaoiseach le linn stóráil theoranta.

4.1	An amhlaidh go ndéanann an tarlóir stóráil theoranta nó trasloingsiú?

IS AMHLAIDH nó NÍ hAMHLAIDH	
MÁS AMHLAIDH, tabhair tuairisc ar an gcineál stórála a úsáidtear nó ar na bearta le haghaidh trasloingsithe, nó an dá rud:	
4.2 **An amhlaidh go gcoinnítear an t-aerlasta nó an t-aerphost faoi chosaint ar chur isteach neamhúdaraithe le linn na stórála teoranta nó an trasloingsithe i gcomhréir le pointí 6.5.2, 6.6.1 agus 6.6.2 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1998?**	
IS AMHLAIDH nó NÍ hAMHLAIDH	
MÁS AMHLAIDH, tabhair tuairisc ar na bearta chun an t-aerlasta nó an t-aerphost a chosaint:	
4.3 **Measúnú: An amhlaidh gur leor na nósanna imeachta stórála teoranta nó trasloingsithe chun aerlasta inaitheanta nó aerphost inaitheanta a chosaint ar chur isteach neamhúdaraithe nó ar athrú calaoiseach, nó ar an dá rud?**	
IS AMHLAIDH nó NÍ hAMHLAIDH	
MURAB AMHLAIDH, sonraigh na cúiseanna	

CUID 5

Measúnú (agus fógra)

Pas/Teip	
I gcás inar teip é an measúnú foriomlán, liostaigh na réimsí ina dteipeann ar an tarlóir an caighdeán slándála is gá a bhaint amach nó ina bhfuil leochaileacht shonrach ag baint leis. Chomh maith leis sin, cuir comhairle ar fáil maidir leis na coigeartuithe atá ag teastáil chun an gcaighdeán is gá a bhaint amach agus chun pas a fháil dá réir.	
Síniú	
(Ainm an bhailíochtóra)‘	

(18) i bpointe 11.1.5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na dara míre:

‘Aon uair a bheidh gá le seiceáil cúlra fheabhsaithe, críochnófar go hiomlán í sula dtabharfaidh an duine faoin oiliúint dá dtagraítear i bpointí 11.2.3.1 go 11.2.3.5.’;

(19) i bpointe 12.6.2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na dara míre:

‘Beidh feidhm ag an gcaighdeán do threalamh ETD chun ceimiceáin a bhrath, a úsáideann sampláil cháithníní, ón 1 Deireadh Fómhair 2025 le haghaidh trealamh ETD atá á úsáid ón 1 Meán Fómhair 2014.’.